# MIONCHAINT & COMHRÁITE LAETHÚLA

1. **Ransú Intinne:** Tá a lán bealaí ann le cur síos a dhéanamh ar conas a bhraitheann duine. Cad iad na rudaí a deir tú féin i rith an lae nuair a chuireann cairde, gaolta, comhghleacaithe agus araile na ceisteanna seo ort? Pléigh na freagraí éagsúla leis an duine in aice leat.

Conas atá agat? Conas atá cúrsaí? An bhfuil tú ag braistint níos fearr?

Conas a bhraitheann tú? Cad é mar a mhothaíonn tú?

Seo thíos roinnt freagraí samplacha:

| | |
|---|---|
| • táim ceart go leor<br>• ní gearánta dom<br>• ag treabhadh liom<br>• nílim ach cuíosach<br>• i mbarr mo mhaitheasa<br>• ar fheabhas<br>• faoi bhrú | • faoi strus<br>• gnóthach<br>• ag rith is ag rás<br>• thar cionn /go diail / go hiontach ar fad<br>• go hainnis<br>• i bhfad níos fearr anois |

2. **Rólimirt: Mionchaint.** Is minic a bhíonn orainn mionchaint a dhéanamh: san obair, ar scoil, ar an tsráid, i seomraí feithimh agus araile. Seo thíos roinnt comhthéacsanna ina mbíonn mionchaint le déanamh. Bí ag obair le do phairtnéir le comhráite beaga cosúil leis an gceann samplach i gComhthéacs 1 a dhéanamh i gComhthéacsanna 2-4.

**Comhthéacs 1 (sampla): Ag caint tar éis na laethanta saoire.** Ní fhaca tú féin agus do phairtnéir a chéile ó bhí na laethanta saoire ann. Labhair leis/léi faoin tsaoire.

- Haigh! Fáilte abhaile. Conas a bhí do shaoire?
- Ó bhí sé ar fheabhas. Tá sé deacair a bheith ar ais.
- An raibh aimsir mhaith agaibh?
- Bhí sé go hálainn, gan a bheith róthe. Thógamar an-bhog é ar feadh na seachtaine! Cad fút féin? Aon scéal ó shin?
- Scéal ar bith i ndáiríre. Tá sé tar éis a bheith an-chiúin!
- Conas atá tú ag mothú faoi bheith ar ais sa choláiste?
- Ó muise ceart go leor! Tá obair mhór romhainn i mbliana! Aon scéal eile agat?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**Comhthéacs 2: Cairde scoile/comhghleacaithe ag caint ag am lóin.** Buaileann tú le cara leat ag am lóin. Déan an mhionchaint a bhíonn i gceist sa chomhthéacs seo chun tús a chur le comhrá ceart.

**Comhthéacs 3: Daoine ag caint sa bhaile tar éis na hoibre/na scoile.** Tagann tú abhaile tar éis lá oibre/lá scoile. Déan comhrá beag le do chomrádaí tí/céile/tuismitheoir.

**Comhthéacs 4: Ag caint le duine tar éis dóibh a bheith breoite.** Buaileann tú le cara leat tar éis dó/di a bheith breoite ar feadh píosa. Déanaigí comhrá faoin tinneas agus faoi chúrsaí sláinte anois.

3. **Scríobh:** Roghnaigh dhá cheann de na comhthéacsanna thuas agus scríobh amach an comhrá a shamhlaíonn tú a bheadh ag na cainteoirí.


| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**4. Ag cur tuairisc duine eile.**

Tá tú san ospidéal. Cuireann cara leat téacs chugat ag cur do thuairisce. Scríobh freagra gearr ag cur in iúl do do chara cén fáth a bhfuil tú san ospidéal, conas a mhothaíonn tú agus cathain a bheidh tú ag teacht abhaile.




© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

# MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |
| **Ceist(eanna) atá agam go fóill:** | | | | |
| | | | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad